



**An Bhéaltriail**

**Sampla 5**

Leaving Cert Irish Oral Notes



## Sampla 5 - Seán Ó Murchú

### Mé féin, mo mhuintir agus m'áit chónaithe:

- Seán Ó Murchú is ainm dom.
- Tá mé seacht mbliana déag d'aois.
- Tá seisear i mo theaghlach.
- Seán agus Íde is ainm do mo thuismitheoirí.
- Tá triúr deartháireacha agam: Micheál, Pádraig agus Liam.
- Is mise an dara duine is óige sa gclann.
- Is múinteoir í mo mháthair agus is feirmeoir é m'athair.
- Is Garda é Micheál. Tá sé lonnaithe i Maigh Chromtha.
- Is innealtóir é Pádraig agus tá sé ag maireachtáil i mBaile Átha Cliath.
- Tá Liam sa dara bliain ar scoil.
- Tá cónaí orainn i dteach scoite i mbaile fearainn beag gar do bhaile Thrá Lí.
- Tá páirc peile sa cheantar agus halla pobail. Seachas sin níl mórán áiseanna poiblí eile ann.
- Tá siopa beag i ngiorracht scread asail don teach agus tá teach tábhairne ansin chomh maith.
- Chuaigh mé go dtí an mbunscoil áitiúil atá cúpla nóiméid siúil ó mo theach.
- Taitníonn an áit go mór liom. Tá sé ciúin agus síochánta.

### An Scoil

- Freastalaím ar mheánscoil bheag mheascaithe atá cúpla míle síos an bóthar.
- Tagaim ar scoil ar an rothar. Coinníonn sé seo aclaí mé ach is minic go mbím fliuch go raiceann nuair a shroichim an scoil.
- Níl ach tuairim is dhá chéad scoláire ag freastal uirthi. Tá tuairim is tríocha múinteoir sa scoil.
- Is scoil bheag í agus tá aithne ag gach duine ar a chéile. Dá bhrí sin tá atmaisféar deas san áit.
- Níl mórán áiseanna againn sa scoil.
- Tá páirc peile againn ach níl aon pháirc sacair againn.
- Tá halla gleacaíochta againn ach tá sé an-sean agus tá drochbhail air.
- Tá caint le cúpla bliain anuas go bhfaigheadh muid foirgneamh nua. B'fhéidir nach dtárlóidh sé in aon chor anois mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíochta. "Is maith an scéalaí an aimsir" is dócha.
- Déanaim Gaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Foirgneolaíocht, Staidéar Gnó agus Eolaíocht Talamhaíochta.
- Ní maith liom Fraincis mar go bhfaighim an teanga deacair le foghlaim. Is breá liom foirgneolaíocht mar is breá liom a bheith ag obair le mo lámha. Is maith liom eolaíocht talamhaíochta mar baineann sé cúrsaí feirme agus tógadh ar fheirm mé.
- Níl mórán imeachtaí eischuraclaim sa scoil seachas spórt. Tá foirne peile agus sacair dos na cailíní agus buachaillí. Imríim féin ar fhoireann peile na scoile. Bhuaigh muid an dá chluiche a

bhí againn go dtí seo i mbliana. Tá foireann mhaith againn agus tá súil agam go ndéanfaidh muid gaisce i mbliana.

### **An Samhradh seo agus an Samhradh seo caite:**

- Chaith mé cuid mhaith den Samhradh anuraidh ag obair ar an bhfeirm le m'athair. Taitníonn obair na feirme liom.
- Is breá liom a bheith amuigh faoin aer. Tá sé an-sláintiúil.
- Is maith liom a bheith ag obair le hainmhithe.
- Bíonn go leor oibre le déanamh ar an bhfeirm i gcónaí ó bheith ag crú na mbó go bearradh caorach.
- D'imir mé go leor peile chomh maith an Samhradh seo caite. Imrím leis an gclub áitiúil. Bhí mé ar foireann na mionúr anuraidh agus tá mé faoi aois arís i mbliana. Tá súil agam áit a ghnóthú ar an bhfoireann shinsear an Samhradh seo chomh maith.
- Tá an-spéis agam sa pheil agus chuaigh mé go gach cluiche a bhí ag Ciarraí anuraidh. Ar an drochuair buadh orainn sa chluiche ceathrú ceannais.
- An Samhradh seo beidh mé ag imirt go leor peile arís. Tá foireann mhionúr láidir againn agus táimid dóchasach gur féidir linn Craobh an Chontae a bhuanach.
- Le Cúnamh Dé beidh bliain níos fearr ag foireann an Chontae agus fillfidimid ar Pháirc an Chrócaigh.
- Beidh mé ag obair ar an bhfeirm le m'athair arís agus gheall sé go dtabharfadh sé go leor airgid dom. Beidh an t-airgead ag teastáil nuair a bheidh mé sa gColáiste.
- Tá súil agam go mbeidh an aimsir níos fearr mar ní maith liom a bheith ag obair sa bháisteach.

### **Cúrsa/Gairm:**

- An bhliain seo chugainn ba mhaith liom bunmhúinteoireacht a dhéanamh i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach.
- Bíonn na pointí an-ard don chúrsa seo agus caithfidh mé go leor oibre a dhéanamh má táim leis an gcúrsa fháil.
- Tá Coláiste Phádraig, Droim Conrach agus Coláiste Mhuire, Marino curtha síos agam chomh maith, ach tá na pointí mórán mar an gcéanna.
- Muna bhfaighim aon cheann de na cúrsaí sin beidh díomá an domhain orm.
- N'fhéadfainn aghaidh a thabhairt ar an scoil arís agus seans gurb é an rud a dhéanfainn ná staidéar a dhéanamh ar na Dáin in Ollscoil Chorcaí.
- Tá an mhúinteoireacht sa bhfuil agam. Is múinteoiri iad mo mháthair, aintín agus uncail. Deir siad liom go bhfuil an-mhianach múinteora ionam.
- Is breá liom páistí agus tá mé an-fhoighneach.
- Táim ag súil go mór le dul go Luimneach. Tá a fhios agam go mbeidh sé cruaidh mar beidh orm a bheith ag cócaireacht dom féin agus m'éadaí féin a ní.
- Sin ráite táim ag súil go mór leis an neamhspleáchas agus an saol sóisialta.

## Caitheamh Aimsirí:

- Faoi mar a dúirt mé níos luaithe imrím go leor peile. Tá foireann mhionúr láidir againn i mbliana agus táthar ag tnúth ag ndéanfaimid gaisce.
- Tá an pheil an-láidir sa gceantar seo agus tá go leor de mo mhuintir sáite sa gclub áitiúil.
- Ní haon ionadh mar sin go bhfuil mé féin dílis don gclub.
- D’imir m’athar agus mo sheanathair don gclub agus is dócha nach raibh an dara rogha agam ach an pheil a imirt chomh maith.
- Ba bhreá liom dá bhféadfainn áit a ghnóthú ar fhoireann mhionúr Chiarraí. Bhí cluichí trialacha acu níos tuisce i mbliana. Níor éirigh liom áit a ghnóthú ar an bpainéal ach níl sé ródhéanach fós.
- Tá spéis agam sa rugbaí chomh maith.
- D’imir mé le club áitiúil nuair a bhíos níos óige agus bhaineas antaitneamh as. Chaitheas mo hata leis dhá bhliain ó shin mar theastaigh uaim díriu ar an bpeil. B’fhéidir go bhfillfinn ar an spórt an bhliain seo chugainn.
- Níl aon fhoireann rugbaí ag an scoil agus is mór an trua é sin.
- Tá mé an-tógtha le foireann rugbaí Chúige Mumhan. Bhí siad tharr barr ar fad le deich mbliana anuas. Chuaigh mé go roinnt cluichí i Luimneach agus bhí an t-atmaisféar go hiontach.
- Sí tuairim na coitiantachta anois ná go bhfuil siad ag teip. Ní dhearna siad aon ghaisce i mbliana. “Beidh lá eile ag an bPaorach,” faoi mar a dúirt an té a dúirt é.

## Taisteal:

- Tá beirt uncailí liom ina gcónaí i Nua Eabhrac. D’imigh siad ar imirce nuair a bhí siad an-óg.
- Tá an teaghlach ar fad tar éis dul sall cúpla babhta len iad a fheiceáil. • Is breá liom féin Nua Eabhrac. Is breá liom na foirgnimh mhóra, na siopaí agus na láithreacha stairiúila cosúil le Ellis Island.
- Ba bhreá liom Samhradh a chaitheamh ag obair i Meiriceá nuair a bheidh mé sa gcoláiste. Bheinn in ann cúpla pingin a shaothrú agus tréimhse fhada a chaitheamh sa gcathair. Bheadh m’uncailí in ann post a fháil do ag péinteáil nó ag garraíodóireacht.
- Chuaigh mo dhearthair Pádraig go Bostún ar feadh bliana agus dúirt sé go raibh an-chraic aige.
- Chuaigh an chlann go léir go dtí an Spáinn nuair a bhíomar níos óige.
- Bhí an ghrian ag scoltadh na gcloch gach lá agus thaitin sé sin liom cé gur éirigh sé róthe dom uaireanta.
- Bhí sé go deas a bheith caite taobh leis an linn snámha ag sú na gréine.
- Bhí an bia go hainnis, áfach agus ní raibh m’athair bocht in ann greim a ithe.